

There are 11 irregular verbs in Irish. Verbs are irregular when their forms do not match the patterns we have learned so far, or when the stem of the verb (the form to which the endings are added) changes in different tenses. Another feature of irregular verbs is that the independent form (used in positive statements) and the dependent form (used in negative statements and in questions) can sometimes be different.

We have already covered one of the irregular verbs in past lessons: *bí* (*be*).

In this lesson we will look at five additional irregular verbs. These five all have an unusual behavior in common: like *bí*, they use *ní*, *an* and *nach* in the past tense instead of *níor*, *ar* and *nár*.

téigh	go
déan	make, do
abair	say
feic	see
faigh	get

In a future lesson we will cover the remaining five irregular Irish verbs.

ith	eat
clois	hear
tar	come
tabhair	give
beir	catch

Tense / Mood	Verb	Meaning	Negative
modh ordaitheach	téigh	(you) go!	ná téigh
modh ordaitheach	téigí	(y'all) go!	ná téigí
aimsir chaite	chuaigh	went	ní dheachaigh
aimsir chaite	chuamar	we went	ní dheachamar
aimsir ghnáthláithreach	téann	goes	ní théann
aimsir ghnáthláithreach	téim	I go	ní théim
aimsir ghnáthláithreach	téimid	we go	ní théimid
aimsir fháistineach	rachaidh	will go	ní rachaidh
aimsir fháistineach	rachaimid	we will go	ní rachaimid
modh coinníolach	rachadh	would go	ní rachadh
modh coinníolach	rachainn	I would go	ní rachainn
modh coinníolach	rachfá	you would go	ní rachfá
modh coinníolach	rachaimis	we would go	ní rachaimis
modh coinníolach	rachaidís	they would go	ní rachaidís
ainm briathartha	dul	to go, going	

Téigh abhaile anois díreach!  
Chuaigh mé go hÉirinn anuraidh.  
An ndeachaidh tú go hAlbain i mbliana?  
Ní dheachaidh. D'fhan mé anseo.  
Cá bhfuil tú ag dul anois?

Go home right now!  
I went to Ireland last year.  
Did you go to Scotland this year?  
No. I stayed here.  
Where are you going now?

Tense / Mood	Verb	Meaning	Negative
modh ordaitheach	déan	(you) make! (you) do!	ná déan
modh ordaitheach	déanaigí	(y'all) make! (y'all) do!	ná déanaigí
aimsir chaite	rinne	made, did	ní dhearna
aimsir chaite	rinneamar	we made, we did	ní dhearnamar
aimsir ghnáthláithreach	déanann	makes, does	ní dhéanann
aimsir ghnáthláithreach	déanaim	I make, I do	ní dhéanaim
aimsir ghnáthláithreach	déanaimid	we make, we do	ní dhéanaimid
aimsir fháistineach	déanfaidh	will make, will do	ní dhéanfaidh
aimsir fháistineach	déanfaimid	we'll make, we'll do	ní dhéanfaimid
modh coinníolach	dhéanfadh	would make, would do	ní dhéanfadh
modh coinníolach	dhéanfainn	I would make, do	ní dhéanfainn
modh coinníolach	dhéanfá	you would make, do	ní dhéanfá
modh coinníolach	dhéanfaimis	we would make, do	ní dhéanfaimis
modh coinníolach	dhéanfaidís	they would make, do	ní dhéanfaidís
ainm briathartha	déanamh	to make, making, to do, doing	

Déan deifir!  
An ndearna tú brioscaí aréir?  
Ní dhearna, ach rinne mé ciste duit.  
Cad atá tú ag déanamh?  
Ní dhéanfainn arís é.

Hurry up (make haste)!  
Did you make cookies last night?  
No, but I made a cake for you.  
What are you doing?  
I wouldn't do it again.

Tense / Mood	Verb	Meaning	Negative
modh ordaitheach	abair	(you) say	ná habair
modh ordaitheach	abraigí	(y'all) say	ná habraigí
aimsir chaite	dúirt	said	ní dúirt
aimsir chaite	dúramar	we said	ní dúramar
aimsir ghnáthláithreach	deir	says	ní deir
aimsir ghnáthláithreach	deirim	I say	ní deirim
aimsir ghnáthláithreach	deirimid	we say	ní deirimid
aimsir fháistineach	déarfaidh	will say	ní déarfaidh
aimsir fháistineach	déarfaimid	we will say	ní déarfaimid
modh coinníolach	déarfadh	would say	ní déarfadh
modh coinníolach	déarfainn	I would say	ní déarfainn
modh coinníolach	déarfá	you would say	ní déarfá
modh coinníolach	déarfaimis	we would say	ní déarfaimis
modh coinníolach	déarfaidís	they would say	ní déarfaidís
ainm briathartha	rá	to say, saying	

Abair arís é, le do thoil.  
An ndúirt sé leat é sin?  
Ní dúirt mé faic.  
Cad deir tú?  
Cad atá le rá agat?

Please say it again.  
Did he say that to you?  
I didn't say anything.  
What do you say?  
What do you have to say?

<b>Tense / Mood</b>	<b>Verb</b>	<b>Meaning</b>	<b>Negative</b>
modh ordaitheach	feic	(you) see	ná feic
modh ordaitheach	feicigí	(y'all) see	ná feicigí
aimsir chaite	chonaic	saw	ní fhaca
aimsir chaite	chonaiceamar	we saw	ní fhacamar
aimsir ghnáthláithreach	feiceann	sees	ní fheiceann
aimsir ghnáthláithreach	feicim	I see	ní fheicim
aimsir ghnáthláithreach	feicimid	we see	ní fheicimid
aimsir fháistineach	feicfidh	will see	ní fheicfidh
aimsir fháistineach	feicfimid	we will see	ní fheicimid
modh coinníolach	d'fheicfeadh	would see	ní fheicfeadh
modh coinníolach	d'fheicfinn	I would see	ní fheicfinn
modh coinníolach	d'fheicfeá	you would see	ní fheicfeá
modh coinníolach	d'fheicfimis	we would see	ní fheicfimis
modh coinníolach	d'fheicfidís	they would see	ní fheicfidís
ainm briathartha	feiceáil	to see, seeing	

An bhfaca tú mo dheartháir?  
Ní fhaca, ach chonaic mé do dheirfiúir.  
An bhfeiceann tú an fear sin?  
Feicfidh mé amárach iad.  
Ba mhaith liom é a fheiceáil.

Did you see my brother?  
No, but I saw your sister.  
Do you see that man?  
I'll see them tomorrow.  
I'd like to see it.

<b>Tense / Mood</b>	<b>Verb</b>	<b>Meaning</b>	<b>Negative</b>
modh ordaitheach	faigh	(you) get	ná faigh
modh ordaitheach	faighigí	(y'all) get	ná faighigí
aimsir chaite	fuair	got	ní bhfuair
aimsir chaite	fuaireamar	we got	ní bhfuaireamar
aimsir ghnáthláithreach	faigheann	gets	ní fhaigheann
aimsir ghnáthláithreach	faighim	I get	ní fhaighim
aimsir ghnáthláithreach	faighimid	we get	ní fhaighimid
aimsir fháistineach	gheobhaidh	will get	ní bhfaighidh
aimsir fháistineach	gheobhaimid	we will get	ní bhfaighimid
modh coinníolach	gheobhadh	would get	ní bhfaigheadh
modh coinníolach	gheobhainn	I would get	ní bhfaighinn
modh coinníolach	gheobhfá	you would get	ní bhfaighfeá
modh coinníolach	gheobhaimis	we would get	ní bhfaighimis
modh coinníolach	gheobhaidís	they would get	ní bhfaighidís
ainm briathartha	fáil	to get, getting	

Faigh gloine uisce dom, le do thoil.  
An bhfuair tú glaoch uaidh?  
Ní bhfuair.  
An bhfaighidh tú carr nua?  
Gheobhaidh. Gheobhaimid ceann gorm.

Get me a glass of water, please.  
Did you get a call from him?  
No (didn't get).  
Will you get a new car?  
Yes, we'll get a blue one.

<b>Cogarnach na hOíche</b> le Cairtriona Ní Thuathail	<b>Whispering of the Night</b> le Cairtriona Ní Thuathail
<p>An Domhnach seo caite thart ar a deich, chuaigh mé a chodladh i mo leaba bhog the.</p> <p>Thosaigh mé ag brionglóid.... faoi thíortha i gcéin, faoi dhaoine, faoi fharraigí, agus faoi cheol binn na n-éan.</p> <p>Bhí mé i mo phíolóta ag eitilt san aer, agus cosúil le mairnéalach le mo chuid seolta go léir.</p> <p>Ach nuair a dhúisigh mé ar maidin timpeall ar a hocht ní raibh thart timpeall ach ballaí fuara nocht.</p> <p>Bhí an t-urlár in áit na farraige, mo leaba in áit an bháid, pinn luaidhe in áit na gcrann, agus leabhair in áit na sráide.</p> <p>Nach deas iad na mothúcháin a bhí i mo chroí, an oíche sin, is mé i mo luí.</p>	<p>Last Sunday around ten, I went to sleep in my soft warm bed.</p> <p>I began to dream... about far off lands, about people, about oceans, and about the sweet music of the birds.</p> <p>I was a pilot flying in the air, and like a sailer with all my sails.</p> <p>But when I woke in the morning around eight the was nothing around but cold naked walls.</p> <p>The floor was in place of the ocean, my bed in place of the boat, pencils in place of the trees, and books in place of the street.</p> <p>Aren't the feelings nice that were in my heart, that night as I slept.</p>

cogarnach – whispering cogar – whisper! cogar – listen! na hoíche – of the night na – of the (feminine) oíche – night Domhnach – Sunday seo caite – last seo – this caite – spent caith – spend! thart ar – around a deich – ten chuaigh – went téigh – go! mé – I a chodladh – to sleep codladh – sleep i – in mo – my	leaba – bed bog – soft te – warm thosaigh – began tosaigh – begin! ag brionglóid – to dream ag – at brionglóid – dreaming faoi – about tíortha – countries tír – country i gcéin – far off daoine – people duine – person farraigí – oceans farraige – ocean agus – and ceol – music binn – sweet na n-éan – of the birds na – of the (plural) éan – bird, of birds	bhí – was bí – be! piólóta – pilot ag eitilt – flying eitil – fly! san – in the aer – air cosúil le – like mairnéalach – sailer le – with cuid – portion seolta – sails go léir – all ach – but nuair a – when dhúisigh – woke up dúisigh – wake up! ar maidin – in the morning ar – on maidin – morning timpeall ar – around a hocht – eight ocht – eight	ní raibh – wasn't thart – around timpeall – around ballaí – walls balla – wall fuara – cold (plural) fuar – cold nocht – naked an t-urlár – the floor urlár – floor in – in áit – place na farraige – of the ocean an bháid – of the boat an – of the (masculine) báid – of boat bád – boat pinn luaidhe – pencils peann luaidhe – pencil peann – pen luaidhe – (of) lead	na gcrann – of the trees crainn – trees creann – tree leabhair – books leabhar – book na sráide – of the street sráid – street nach – isn't? deas – nice iad – they mothúcháin – feelings mothúchán – feeling mothaigh – feel! a bhí – that were croí – heart sin – that is – and luí – lying luigh – lie
---	--	---	--	---

1. An ndeachaigh tú go hÉirinn riamh? Did you ever go to Ireland?
2. An dtéann tú go dtí an trá go minic? Do you go to the beach often?
3. An rachaidh tú go Meicsiceo i mbliana? Will you go to Mexico this year?
4. Cé acu ab fhearr leat, dul go dtí an Spáinn nó dul go dtí an Fhrainc? Which would you prefer, to go to Spain or to go to France?
5. An ndearna tú dinnéar deas le déanaí? Did you make a nice dinner lately?
6. An ndéanann tú sailéad sa bhaile? Do you make salad at home?
7. Dá mbeadh arán agat, an ndéanfá ceapaire? If you had bread, would you make a sandwich?
8. Cad a bheidh tú ag déanamh amárach? What will you be doing tomorrow?
9. An ndúirt tú rud éigin as Fraincis inniu? Did you say something in French today?
10. An ndeir tú mórán agus tú ag caint? Do you say a lot when you're talking?
11. An ndeir páistí an fhírinne i gcónaí? Do children always tell the truth?
12. An bhfuil aon rud le rá agat anois? Do you have anything to say now?
13. An bhfaca tú cat inniu? Did you see a cat today?
14. An bhfeiceann tú madraí gach lá? Do you see dogs every day?
15. An bhfeicfeá fear dófheicthe? Would you see an invisible man?
16. Ar mhaith leat U2 a fheiceáil? Would you like to see U2?
17. An bhfuair tú litir sa phost inniu? Did you get a letter in the mail today?
18. An bhfaigheann tú leabhair sa phost? Do you get books in the mail?
19. An bhfaighidh tú gloine bainne anocht? Will you get a glass of milk tonight?
20. Cé acu ab fhearr leat, litir a fháil sa phost nó leabhar a fháil sa phost? Which would you prefer, to get a letter in the mail or to get a book in the mail.